# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 27 Iúil – 2 Lúnasa 2024**

**Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 27 Iúil ag 7.30in**
**Intinn:** Páidí Ó Conchúir, Baile an Chnocáin, C.B. agus a mhac, Tomás,atá ar shlí na fírinne.
**Intinn:** Máiréad agus Maidhc Bruic, Baile Ghainín, C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 28 Iúil ag 10.00rn**
**Intinn:** Gearóid Ó Riordáin, Droichead na Bandan, 50ú C.B.

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902

**Guí an Phobail**
Eileen Walsh, An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Máirín Uí Mhurchú (Ní Shé) Nua Eabhrach agus Cillirith.
Peter Fitzpatrick, Nua Eabhrach, a fuair bás le déanaí.
Mike Donoghue, Baile Átha Cliath agus Conamara, a fuair bás le déanaí.
Pat Ryle, Co. Chill Mhantáin agus An Daingean, a fuair bás le déanaí.
Michael Murphy, Corcaigh agus na Gorta Dubha, C.B.

**Bailiúchán Speisialta**
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le Ionad Tréadach na Deoise, an deireadh seachtaine seo chugainn, **3/4 Lúnasa.**

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 4 Lúnasa ag 9.00rn**
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 4 Lúnasa ag 10.00rn**

**Aifrinntí i Rith na Seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn,
Dé hAoine 9.30rn (An Chéad Aoine)
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine ag 7.00in

**Sagairt Breoite nó Ar Scor**
Más mian le éinne cabhrú leis an gCiste do na Sagairt Breoite nó Ar Scor, tá clúdaigh sna séipéil.

## Ceolchoirm an Pharóiste
Beidh Ceolchoirm an Pharóiste ar siúl arís i mbliana i Halla na Feothanaí, Déardaoin, 15 Lúnasa ag 7.30in. Fáilte roimh dhuaiseanna don gCrannchur Mór, spotdhuaiseanna agus Earraí/Saothar Ealaíona don gCeant. Má tá éinne sásta cabhrú ar an oíche, glaoigh ar Thigh na Sagart 066-9156131.

## Leabhra sna Séipéil
Tá leabhra simiúla ar fáil sna séipéil. Ina measc tá: *Fabhalscéalta Aesóip*, a d'aistrigh an tAthair Peadar Ó Laoire agus Athchóirithe ag Ristéard Mac Annraoi. Bhí an cnuasach seo a d'aistrigh an tAthair Peadar ar na leabhair is túisce a chur sé le chéile. Bheadh an leabhar seo ana oirúnach d'fhoghlaimeoir. Ár mbuíochas leis an Athair Franc Mac Brádaigh a bhíonn chomh fial linn leis na leabhra a fhoilsíonn Foilseacháin Ábhair Spioradálta.

**Buail agus Tabhair (Tap2Donate)**
Tá gléas Buail agus Tabhair i Séipéal Naomh Uinseann anois, is féidir airgead a thabhairt don bparóiste le do chárta bainc. Tá rogha €2, €5, €10, nó €20 ann.
**Míle buíochas as bhur bhflaithiúlacht agus go gcuití Dia go fial libh.**

**Glaochanna Comaoineach**
Dé hAoine seo chugainn an Chéad Aoine, 2 Lúnasa. Beidh na glaochanna comaoine mar seo leanas:
Déardaoin, 1 Lúnasa Paróiste na Cille/Paróiste Módhrach tar éis lóin
Dé hAoine, 2 Lúnasa Dún Chaoin/An Buailtín/Paróiste Mhárthain tar éis lóin.
**Mas mian leat d'ainm a chur ar an liosta cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131.**

**Oilithreacht Náisiúnta go Cruach Phádraig**



Beidh Oilithreacht Náisiúnta go Cruach Phádraig an Domhnach seo (28 Iúil), Domhnach na Cruaiche. Cuimhnímíd ar na hoilithrigh ar Chruach Phádraig agus oidhreacht Phádraig, Aspal na hÉireann.

'A Phádraig, a Naomh-Aspail na hÉireann, bhítheá do ghnáth ag tabhairt buíochais do Dhia de chionn go bhfuair tú uaidh, mar thoradh ar do chruashaothar, ár sinsir a iompó chun an fhíorchreidimh. Faigh dúinne, freisin, ár gcroíthe a bheith i gcónaí lán de bhuíochas i dtaobh an chreidimh a theacht anuas chugainn gan mháchail. Faigh fós, dúinn féin agus dár sliocht go brách, Críost ár dTiarna a bheith i gcónaí ionainn agus os ár gcionn agus inár dtimpeall… ….. An t Athair Donnchadh Ó Floinn - An scoláire cáiliúil a scríobh an leabhar *Aibhleoga Crábhaidh*)

**Iognáid Loyola (1491 – 1556) (Féile - 31 Iúil)**

Rugadh Iognáid i dtír na mBascach, agus gortaíodh é i gcathair Pamplona sa bhliain 1521. Chuaigh sé 'ar scoil' arís in aois fir agus mhair mar oilithreach bocht. Bhunaigh sé Cuallacht Íosa, atá ag saothrú ó shin, agus mar ionsparáid acu, an mana cáiliúil a bhí ag Iognáid – '*chun breis ghlóire a thabhairt do Dhia'* (Ad Majorem Dei Gloriam). I measc na leabhar atá le ceannach sna sáipéil tá - Scéal an Oilithrigh, dírbheathaisnéis Iognáid Loyola. An t Easpag Alan Mac Eoghacháin SJ a d'aistrigh an leabhar ón Spáinnis **(Sárleabhar!)**

**Lá Domhanda na Seanthuismitheoirí agus Seandaoine**

Beidh Lá Domhanda na Seanthuismitheoirí agus Seandaoine á chomóradh an Domhnach seo, **28 Iúil.** Ó 2021 bíonn an lá seo á chomóradh ar an nDomhnach is cóngaraí d'Fhéile Naomh Ioachim agus Naomh Anna (26 Iúil) – tuismitheoirí na Maighdine Beannaithe Muire. Tá cóipeanna don bpaidir a chum an Pápa Benedict XVI ins na séipéil.

*A Thiarna Íosa, cabhraigh leis na teaghlaigh, agus leis an saol go léir ina maireann siad, meas agus luach a chothú ar láithreachas agus ar ról mhuintir chríonna na leanaí.* (An Pápa Benedict XVI)

**Feachtas Bailithe Airgid**

Tá feachtas bailithe airgid ar siúl sa pharóiste. Tá bileoga sna sáipéil agus le fáil ar shuíomh na deoise www.dioceseofkerry.ie ar leathanach Pharóiste an Fheirtéaraigh nó glaoigh ar Thigh na Sagart 066-9156131.

**Ciste an Pharóiste €1,075**

Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana**.**
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie